Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

P9_TA(2022)0234

Caighdeáin astaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin agus do veaineanna ***I

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 8 Meitheamh 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais (COM(2021)0556 – C9-0322/2021 – 2021/0197(COD)) [1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2022/C 493/25)

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Chuaigh Comhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ("Comhaontú Pháras"). D'aontaigh na Páirtithe sa Chomhaontú an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn ***1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.***	(1) Chuaigh Comhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ("Comhaontú Pháras"). D'aontaigh na Páirtithe sa Chomhaontú an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn ***1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta. Trí Chomhaontú Aeráide Ghlaschú a ghlacadh i mí na Samhna 2021, d'aithin na Páirtithe ann go laghdódh coinneáil an ardaithe meánteochta domhanda go dtí 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch rioscaí agus tionchar an athraithe aeráide go mór agus gheall siad a gcuid spriocanna le haghaidh 2030 a neartú faoi dheireadh na bliana 2022 chun dlús a chur le gníomhaíocht aeráide sna deich mbliana criticiúla seo agus chun an bhearna uaillmhéine leis an sprioc 1,5 °C a dhúnadh.***

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0150/2022).

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcroílár na Teachtaireachta maidir leis an "Comhaontú Glas don Eoraip", arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 ([23]). Tá riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise thionchair fhíor-thromchúiseacha phaindéim COVID-19 ar shláinte agus ar fholláine eacnamaíoch shaoránaigh an Aontais.	(2) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcroílár na Teachtaireachta maidir leis an "Comhaontú Glas don Eoraip", arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 ([23]). ***Ina rún an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí an t-aistriú riachtanach chuig sochaí a bheadh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 ar a dhéanaí agus, ina rún an 28 Samhain 2019 maidir le héigeandáil na haeráide agus an chomhshaoil, d'fhógair sí éigeandáil aeráide agus comhshaoil.*** Tá riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise thionchair fhíor-thromchúiseacha phaindéim COVID-19 ar shláinte agus ar fholláine eacnamaíoch shaoránaigh an Aontais.
([23]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019)0640 an 11 Nollaig 2019.	([23]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019)0640 an 11 Nollaig 2019.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ***Nasctar leis an gComhaontú Glas don Eoraip sraith chuimsitheach beart agus tionscnamh a threisíonn a chéile go frithpháirteach agus atá dírithe ar an aeráidneodracht a bhaint amach san*** Aontas ***Eorpach faoi 2050, agus leagtar amach ann*** straitéis nua fáis ***arb é is aidhm leis sochaí chothrom*** rathúil ***a dhéanamh den Aontas Eorpach***, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, a bheidh ***tíosach ar acmhainní***, agus ina mbeidh an ***fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní***. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. An ***tráth céanna, déantar difear*** leis an aistriú sin ***do*** mhná agus ***d'***fhir ar ***bhealaí difriúla agus baineann tionchar áirithe leis*** ar roinnt grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, amhail daoine scothaosta, daoine atá faoi ***mhíchumais*** agus ***daoine le cúlra cine mionlaigh nó mionlaigh eitnigh***. Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t-aistriú cóir agus ionchuimsitheach, agus nach bhfágfar aon duine chun deiridh.	(3) ***Tá sé mar aidhm ag an*** Aontas straitéis nua fáis ***a leagan amach faoin mbliain 2050 lena ndíreofar ar an Aontas a iompú ina shochaí atá cothrom agus*** rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha***, éifeachtach ó thaobh acmhainní de agus*** iomaíoch, ***ina mbeidh tionscail bhríomhar,*** a bheidh ***fós ina gceannródaithe domhanda ina gcodanna faoi seach***, agus ina mbeidh ***tiománaithe nuálaíochta domhanda, agus poist ardcháilíochta ar ardchaighdeán a chinntiú san Aontas ag*** an ***am céanna***. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. ***Sa chiall sin, leagtar amach sa 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil a bheidh i bhfeidhm go dtí 2030 an cuspóir chun dlús a chur leis an aistriú glas chuig geilleagar ciorclach a bheidh neodrach ó thaobh aeráide de, inbhuanaithe, neamhthocsaineach, tíosach ar acmhainní, bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, athléimneach agus iomaíoch, ar bhealach atá cóir, cothrom agus cuimsitheach agus chun staid an chomhshaoil a chosaint, a athshlánú agus a fheabhsú, chun tacú leis an tsraith beart agus tionscnamh a fógraíodh faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus chun an tacar*** sin ***a fhorbairt. Ag an am céanna, bíonn tionchar difriúil ag an aistriú sin ar*** mhná agus ***ar*** fhir ***agus bíonn tionchar*** ar ***leith aige*** ar roinnt grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste ***agus atá leochaileach***, amhail daoine scothaosta, daoine ***faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil cúlra mionlaigh cinioch nó eitneach acu, agus daoine aonair agus teaghlaigh a bhfuil ioncam íseal nó níos lú ná meánioncam acu. Ina theannta sin, déanfaidh an trasdul difear do réigiúin an Aontais ar bhealaí éagsúla, go háirithe réigiúin*** atá faoi ***mhíbhuntáiste struchtúrtha, réigiúin imeallacha*** agus ***réigiúin is forimeallaí***. Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t-aistriú cóir agus ionchuimsitheach, agus nach bhfágfar aon duine chun deiridh.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) I Rialachán (AE) [–] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]) ***cumhdaíonn*** an ***tAontas an*** sprioc ***maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair*** faoi 2050***, i*** reachtaíocht. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin ***gealltanas ceangailteach de chuid*** an Aontais ***do laghdú 55 %*** ar a laghad ar ***ghlanastaíochtaí*** gás ceaptha teasa ***intíre*** (astaíochtaí tar éis ***aistrithe a*** asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030.	(5) I Rialachán (AE) ***2021/1119*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24])***, cumhdaíodh leis*** an ***Aontas an*** sprioc ***astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach*** faoi 2050 ***ar a dhéanaí agus an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach sa*** reachtaíocht ***ina dhiaidh sin***. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin ***sprioc aeráide idirmheánach intíre intíre intíre*** an Aontais ***arb é atá inti glanlaghdú 55 %*** ar a laghad ar ***astaíochtaí*** gás ceaptha teasa (***i.e.*** astaíochtaí tar éis asbhaint ***na n-aistrithe***) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030.
([24]) Rialachán (AE) ***[…/…] an […]*** 2021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear ***Rialachán*** (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach), ***[IO L, …/…*** .].	([24]) Rialachán (AE) ***2021/1119 an 30 Meitheamh*** 2021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear ***Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus*** (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) ***(IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá coinne leis go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar leis na laghduithe sin ar astaíochtaí a bhaint amach, lena n-áirítear an earnáil iompair de bhóthar.	(6) Tá coinne leis go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar leis na laghduithe sin ar astaíochtaí a bhaint amach, lena n-áirítear an earnáil iompair de bhóthar. ***Is í earnáil an iompair an t-aon earnáil ina bhfuil méadú tagtha ar astaíochtaí ó 1990 i leith. Áirítear leis sin iompar de bhóthar le feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair, arb ionann iad le chéile agus os cionn 70 % de na hastaíochtaí iompair iomlána.***

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh soghluaisteacht aonair de bheith inrochtana agus inacmhainne do chách, go háirithe do chomaitéirí gan rochtain ar iompar poiblí ar ardchaighdeán nó réitigh soghluaisteachta eile.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6b) Ag Comhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i nGlaschú na Ríochta Aontaithe, ar a dtugtar COP26, glacadh gealltanas chun dlús a chur leis an aistriú domhanda chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha. Gheall siad freisin go mbeadh an t-aistriú cóir agus inbhuanaithe, ionas nach bhfágfar réigiún ná pobal ar bith ar lár agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé aistriú cothrom an lucht saothair a áirithiú agus obair chuibhiúil agus poist ar ardchaighdeán a chruthú.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Tá gá leis na bearta ***a leagtar amach*** sa Rialachán seo mar chuid de ***chreat*** comhleanúnach ***agus comhsheasmhach atá fíor-riachtanach*** chun cuspóir ***foriomlán*** an Aontais a bhaint amach ***chun*** glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.	(7) Tá gá leis na bearta ***atá*** sa Rialachán seo mar chuid de ***chur chuige*** comhleanúnach ***loighciúil is gá*** chun cuspóir ***ginearálta*** an Aontais a bhaint amach***, is é sin*** glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú***, agus spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise allmhairithe, a laghdú, lena n-áirítear allmhairí ola arbh fhiú EUR 227,5 billiún iad in 2018 amháin, a leanann de bheith ar an bhfuinneamh is mó é a ídíonn gluaisteáin agus veaineanna (94 %)***. ***Agus tomhaltas ola á chéimniú amach de réir a chéile, tá sé ríthábhachtach gan athrú ó spleáchas go chéile. Chun inbhuanaitheacht thionscal na hEorpa agus chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a neartú, tá sé bunriachtanach go n-oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí tionsclaíocha chun an slabhra soláthair a dhaingniú sna hábhair straitéiseacha agus sna dúile tearc-chré atá ag teastáil le haghaidh teicneolaíochtaí dícharbónaithe nua.***

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Cé go bhfuil an t-athbhreithniú ar an Rialachán seo mar chuid de na hiarrachtaí na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach, eadhon dícharbónú iompair de bhóthar chun an t-athrú aeráide a chomhrac, ba cheart na hiarmhairtí suntasacha tionsclaíocha agus sóisialta a chur san áireamh freisin chun fostaíocht agus soghluaisteacht inrochtana do chách a áirithiú.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Chun laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le 1990, is gá na ceanglais maidir le laghdú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** [25] a láidriú le haghaidh gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma araon. Is gá conair shoiléir a shocrú freisin le haghaidh tuilleadh laghduithe ó 2030 ar aghaidh chun rannchuidiú le cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. Gan ghníomhaíocht uaillmhianach maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san iompar de bhóthar, bheadh gá le laghduithe níos airde ar astaíochtaí in earnálacha eile, lena n-áirítear earnálacha ina bhfuil an dícharbónú níos dúshlánaí.	(8) Chun laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le 1990, ***agus chun conair shoiléir a sholáthar ionsar an sprioc sin agus chun rannchuidiú le laghduithe riachtanacha ar astaíochtaí roimh 2030,*** is gá na ceanglais maidir le laghdú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** [25] a láidriú le haghaidh gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma araon. Is gá conair shoiléir a shocrú freisin le haghaidh tuilleadh laghduithe ó 2030 ar aghaidh chun rannchuidiú le cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. ***Má táthar chun an cuspóir sin a bhaint amach, beidh sé riachtanach astaíochtaí san earnáil iompair a laghdú thart ar 90 %, de réir an cháis is cost-éifeachtaí, cé nach bhfuil fás ag teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi láthair ach amháin in earnáil an iompair. Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofar le gníomhartha reachtacha chomhlántach de chuid an Aontais, amhail Treoir (AE) 2018/2001*** [25a]***, go n-úsáidfear fuinneamh in-athnuaite go tapa ionas go gcumhachtófar flít gluaisteán an Aontais le leictreachas in-athnuaite breise.*** Gan ghníomhaíocht uaillmhianach maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san iompar de bhóthar, bheadh gá le laghduithe níos airde ar astaíochtaí in earnálacha eile, lena n-áirítear earnálacha ina bhfuil an dícharbónú níos dúshlánaí. ***Leis na haistrithe digiteacha agus glasa, ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an tábhacht a bhaineann leis an ngné shóisialta chun soghluaisteacht a áirithiú do chách, lena n-áirítear tionchar an chánachais fuinnimh ar inacmhainneacht, éifeacht dhíreach agus indíreach praghsanna níos airde fuinnimh ar iompar i réigiúin éagsúla an Aontais, chomh maith leis na hiarmhairtí tionsclaíocha chun iomaíochas na fostaíochta agus an tionscail a áirithiú.***

[25] Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

[25a] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Tugann staidéir a rinneadh le déanaí le fios go bhfuil feithiclí ceallra-leictreacha iomaíoch cheana féin le gluaisteáin thraidisiúnta i roinnt deighleoga gluaisteán agus an costas iomlán úinéireachta á mheas. Cuirfidh caighdeáin CO_2 méadaithe do ghluaisteáin phaisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma dlús leis an laghdú ar chostas iomlán úinéireachta feithiclí ceallra-leictreacha, rud a fhágfaidh go mbeidh siad níos tarraingtí do gach grúpa tomhaltóirí ar fud an Aontais ná feithiclí atá feistithe le hinnill dócháin. Le caighdeáin CO_2 níos uaillmhianaí do ghluaisteáin paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma don tréimhse ó 2025 go 2030, cuirfear dlús freisin le dícharbónú an mhargaidh athláimhe i ngach deighleog gluaisteán, agus beidh buntáistí níos mó ann do thomhaltóirí ísealioncaim agus meánioncaim.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Leis na ceanglais láidrithe maidir le laghduithe ar astaíochtaí CO_2, ba cheart méadú a spreagadh i gcion na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha atá á gcur in úsáid ar mhargadh an Aontais agus tairbhí á soláthar do thomhaltóirí agus do shaoránaigh an tráth céanna i dtéarmaí na cáilíochta aeir agus coigilteas fuinnimh, mar aon lena áirithiú gur féidir nuálaíocht i slabhra luacha an tionscail mhótarfheithiclí a choinneáil ar bun. Laistigh den chomhthéacs domhanda, ní mór do shlabhra tionscail mhótarfheithiclí an Aontais a bheith ina phríomhghníomhaí san aistriú domhanda leanúnach i dtreo na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha. Tá na caighdeáin láidrithe i ndáil le laghduithe ar astaíochtaí CO_2 neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, maidir leis na spriocanna flíte uile atá le baint amach a shocraíonn siad. Tá teicneolaíochtaí difriúla ar fáil agus ar fáil fós chun sprioc na n-astaíochtaí nialasacha le haghaidh na flíte uile a bhaint amach. Maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha, áirítear leo faoi láthair feithiclí ceallra-leictreacha, breosla-chille agus feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine, agus tá na nuálaíochtaí teicneolaíochta ag leanúint ar aghaidh. Maidir le feithiclí astaíochtaí ***nialasacha*** agus astaíochtaí ***ísle***, lena n-áirítear feithiclí leictreacha ***hibride*** inluchtaithe a fheidhmíonn go maith ***freisin***, is féidir leo leanúint ***le*** ról a imirt sa chonair i dtreo an aistrithe.	(9) Leis na ceanglais láidrithe maidir le laghduithe ar astaíochtaí CO_2, ba cheart méadú a spreagadh i gcion na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha atá á gcur in úsáid ar mhargadh an Aontais agus tairbhí á soláthar do thomhaltóirí agus do shaoránaigh an tráth céanna i dtéarmaí na cáilíochta aeir agus coigilteas fuinnimh, mar aon lena áirithiú gur féidir nuálaíocht i slabhra luacha an tionscail mhótarfheithiclí a choinneáil ar bun. Laistigh den chomhthéacs domhanda, ní mór do shlabhra tionscail mhótarfheithiclí an Aontais a bheith ina phríomhghníomhaí san aistriú domhanda leanúnach i dtreo na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha. Tá na caighdeáin láidrithe i ndáil le laghduithe ar astaíochtaí CO_2 neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, maidir leis na spriocanna flíte uile atá le baint amach a shocraíonn siad. Tá teicneolaíochtaí difriúla ar fáil agus ar fáil fós chun sprioc na n-astaíochtaí nialasacha le haghaidh na flíte uile a bhaint amach. Maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha, áirítear leo faoi láthair feithiclí ceallra-leictreacha, breosla-chille agus feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine, agus tá na nuálaíochtaí teicneolaíochta ag leanúint ar aghaidh. Maidir le feithiclí astaíochtaí ***ísle*** agus astaíochtaí ***nialasacha***, lena n-áirítear ***freisin*** feithiclí leictreacha ***hibrideacha*** inluchtaithe a fheidhmíonn go maith, ***fad a ráthaítear sonraí cruinne agus iomlána faoi fheidhmíocht astaíochtaí na gcineálacha sin feithiclí,*** is féidir leo leanúint ***de*** ról a imirt sa chonair i dtreo an aistrithe.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) Is réamhriachtanas í an nuálaíocht teicneolaíochta chun an tsoghluaisteacht a dhícharbónú san Aontas, agus ba cheart, dá bhrí sin, tacú léi. I bhfianaise an mhéadaithe ar an iomaíocht idirnáisiúnta, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí tionscnaimh lena gcuirtear chun cinn sineirgí san earnáil, amhail an Chomhghuaillíocht Eorpach Ceallraí, a fhiosrú agus a fhorbairt, agus tacú le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus nuálaíocht i réimse na ngluaisteán Eorpach. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis sin ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a choinneáil san earnáil sin, barr feabhais tionsclaíoch a fhorbairt i dteicneolaíochtaí na todhchaí san Aontas agus inbhuanaitheacht agus iomaíochas fadtéarmach a bonn tionsclaíoch a áirithiú.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10b) Tá pleananna dearbhaithe ag Ballstáit áirithe chun dlús a chur le tabhairt isteach feithiclí astaíochtaí nialasacha trí dháta céimnithe amach a shocrú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma CO_2 a chuirtear ar an margadh ina gcríocha roimh an dáta a leagtar síos ar leibhéal an Aontais. Ba cheart don Choimisiún roghanna a shainaithint chun aistriú na mBallstát chuig feithiclí saothair éadroim atá saor ó astaíochtaí a éascú i gcomhréir leis na pleananna sin.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10c) Ba cheart go gcuirfeadh comharthaí rialála soiléire ar chumas monaróirí a gcinntí infheistíochta a chur i gcrích. In éagmais na gcomharthaí sin, d'fhéadfadh sé go gcruthófaí an riosca go gcaillfeadh tionscal na mótarfheithiclí san Aontas iomaíochas agus ceannaireacht theicneolaíoch toisc nach mbeadh sé ag infheistiú go tapa agus go gcaillfeadh sé sciar den mhargadh sa mhargadh domhanda agus sa mhargadh baile.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10d) Tá sé ríthábhachtach an t-idirphlé sóisialta a neartú san earnáil mótarfheithiclí sa phróiseas a bhaineann le pleananna trasdula críche córa agus pleananna náisiúnta aeráide sóisialta a chaibidliú agus a ghlacadh ar leibhéal an mhonaróra, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal earnálach. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go n-athrófaí an lucht saothair i limistéar geografach ar leith agus ar bhealach a léireoidh féidearthachtaí an réigiúin.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ba cheart straitéis Eorpach a bheith ag gabháil leis na spriocanna sna caighdeáin feidhmíochta athbhreithnithe maidir le CO_2 chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le forbairt mhonarú na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus na dteicneolaíochtaí gaolmhara, mar aon leis an ngá oibrithe san earnáil a uas-sciliú agus a athsciliú agus leis an éagsúlú eacnamaíoch agus le gníomhaíochtaí a athfhorbairt. I gcás inarb iomchuí, ba cheart tacaíocht airgeadais a ***bhreithniú*** ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun infheistíocht phríobháideach a chomhchruinniú, lena n-áirítear trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Nuálaíochta, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ionstraimí eile an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil agus Plean an Aontais Eorpaigh don Chéad Ghlúin Eile, i gcomhréir le rialacha Státchabhrach. Leis na rialacha státchabhrach athbhreithnithe maidir leis an gcomhshaol agus le fuinneamh, cumasófar do na Ballstáit tacú le gnólachtaí a gcuid próiseas táirgeachta a dhícharbónú agus teicneolaíochtaí níos glaise a ghlacadh i gcomhthéacs na Straitéise Nua Tionsclaíche.	(11) Ba cheart straitéis Eorpach a bheith ag gabháil leis na spriocanna sna caighdeáin feidhmíochta athbhreithnithe maidir le CO_2 chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le forbairt mhonarú na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus na dteicneolaíochtaí gaolmhara ***agus sainiúlachtaí gach Ballstáit á gcur san áireamh***, mar aon leis an ngá oibrithe san earnáil a uas-sciliú agus a athsciliú agus leis an éagsúlú eacnamaíoch agus le gníomhaíochtaí a athfhorbairt. ***agus leibhéil fostaíochta mótarfheithiclí san Aontas á gcoinneáil ag an am céanna. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag an aistriú sin ar mhicrifhiontair agus ar FBManna feadh an tslabhra soláthair.*** I gcás inarb iomchuí, ba cheart tacaíocht airgeadais a ***leithdháileadh*** ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun infheistíocht phríobháideach a chomhchruinniú, lena n-áirítear trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Nuálaíochta, ***Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa,*** an ***Ciste Comhtháthaithe, an*** tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ionstraimí eile an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil agus Plean an Aontais Eorpaigh don Chéad Ghlúin Eile, i gcomhréir le rialacha Státchabhrach. ***Thairis sin, bheadh gá freisin le sruth cistiúcháin tiomnaithe ar leibhéal an Aontais don aistriú san earnáil mótarfheithiclí chun aghaidh a thabhairt go háirithe ar aon tionchar diúltach ar fhostaíocht.*** Leis na rialacha státchabhrach athbhreithnithe maidir leis an gcomhshaol agus le fuinneamh, cumasófar do na Ballstáit tacú le gnólachtaí a gcuid próiseas táirgeachta a dhícharbónú agus teicneolaíochtaí níos glaise a ghlacadh i gcomhthéacs na Straitéise Nua Tionsclaíche.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Leis an Straitéis Nua Thionsclaíoch ***(26)*** déantar foráil maidir le conairí glasa agus conairí i dtreo an aistrithe dhigitigh a chomhchruthú i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile. Sa chomhthéacs sin, ba cheart conair i dtreo an aistrithe a fhorbairt le ***haghaidh éiceachóras na*** soghluaisteachta ***le*** gabháil le haistriú an tslabhra luacha ***sa tionscal*** mótarfheithiclí. Leis an gconair sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar FBManna sa slabhra soláthair sa tionscal mótarfheithiclí, ar an gcomhairliúchán le páirtithe sóisialta lena n-áirítear leis na Ballstáit, agus ba cheart ***cur*** leis an ***gClár Oibre Scileanna don Eoraip leis an gconair freisin,*** le tionscnaimh cosúil leis an gComhaontú um Scileanna chun an earnáil phríobháideach a shlógadh mar aon le páirtithe leasmhara eile chun lucht oibre na hEorpa a uas-sciliú agus a athsciliú i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Leis an gconair, ba cheart dul i ngleic leis na gníomhaíochtaí iomchuí agus leis na dreasachtaí iomchuí ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta freisin chun borradh a chur faoi inacmhainneacht na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha. Maidir leis an dul chun cinn a dhéantar ar chonair chuimsitheach sin an aistrithe le haghaidh an éiceachórais soghluaisteachta, ba cheart faireachán a dhéanamh air gach ***2 bhliain*** mar chuid de thuarascáil ar dhul chun cinn a bheidh le cur isteach ag an gCoimisiún, lena mbreathnófar inter alia ar an dul chun cinn maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid, a bhforbairtí ó thaobh praghais de, forbairt maidir le breoslaí malartacha a ***chur in úsáid*** agus cur chun feidhme céimneach an bhonneagair mar a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, ***poitéinseal*** na dteicneolaíochtaí nuálacha ***chun*** an tsoghluaisteacht aeráidneodrach, an iomaíocht idirnáisiúnta, infheistíochtaí sa slabhra luacha sa tionscal mótarfheithiclí, uas-sciliú agus athsciliú oibrithe agus athfhorbairt gníomhaíochtaí a ***bhaint*** amach. Leis an tuarascáil ar dhul chun cinn, cuirfear freisin leis na tuarascálacha ar dhul chun cinn a chuirfidh na Ballstáit isteach gach 2 bhliain faoin Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha. Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le páirtithe sóisialta in ullmhú na tuarascála ar dhul chun cinn, lena n-áirítear na torthaí san idirphlé sóisialta. Tá nuálaíochtaí sa slabhra soláthair sa tionscal mótarfheithiclí ag leanúint ar aghaidh. Maidir le teicneolaíochtaí nuálacha amhail leictribhreoslaí a tháirgeadh le gabháil ón aer, dá bhforbrófaí a thuilleadh iad, d'fhéadfadh ionchais a bheith i gceist leo le haghaidh na soghluaisteachta aeráidneodraí inacmhainne. Ba cheart don Choimisiún dá bhrí sin súil a choinneáil ar an dul chun cinn ó thaobh na nuálaíochta de san earnáil mar chuid dá thuarascáil ar dhul chun cinn.	(12) Leis an Straitéis Nua Thionsclaíoch ***(26)*** déantar foráil maidir le conairí glasa agus conairí i dtreo an aistrithe dhigitigh a chomhchruthú i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile. Sa chomhthéacs sin, ba cheart conair i dtreo an aistrithe a fhorbairt le ***go mbeidh an t-éiceachóras*** soghluaisteachta ***ag*** gabháil le haistriú an tslabhra luacha mótarfheithiclí***, i dtrédhearcacht iomlán agus i gcomhairle leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear trí fhéachaint an bhféadfaí fóram sonrach a bhunú le haghaidh idirphlé sóisialta san earnáil mótarfheithiclí***. Leis an gconair sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar FBManna***, lena n-áirítear micrifhiontair,*** sa slabhra soláthair sa tionscal mótarfheithiclí, ar an gcomhairliúchán le páirtithe sóisialta lena n-áirítear leis na Ballstáit, agus ba cheart ***go gcuirfí*** leis an ***moladh ón gComhairle maidir*** le ***haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú agus le*** tionscnaimh cosúil leis an gComhaontú um Scileanna chun an earnáil phríobháideach a shlógadh mar aon le páirtithe leasmhara eile chun lucht oibre na hEorpa a uas-sciliú agus a athsciliú i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Leis an gconair, ba cheart dul i ngleic leis na gníomhaíochtaí iomchuí agus leis na dreasachtaí iomchuí ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta freisin chun borradh a chur faoi inacmhainneacht ***agus inbhuanaitheacht*** na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha. ***Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an soláthar poiblí sa chonair, agus ina leith sin ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (26a) chun a áirithiú go mbeidh sí i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) 2019/631.*** Maidir leis an dul chun cinn a dhéantar ar chonair chuimsitheach sin an aistrithe le haghaidh an éiceachórais soghluaisteachta, ba cheart faireachán a dhéanamh air gach mar chuid de thuarascáil ar dhul chun cinn a bheidh le cur isteach ag an gCoimisiún, lena mbreathnófar inter alia ar an dul chun cinn maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid, a bhforbairtí ó thaobh praghais de ***agus a n-ídithe fuinnimh de***, forbairt maidir le breoslaí malartacha a ***imscaradh*** agus cur chun feidhme céimneach an bhonneagair mar a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, ***forbairt sciar an fhuinnimh in-athnuaite mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint*** na ***hEorpa agus ón gComhairle (26b), acmhainneacht na*** dteicneolaíochtaí nuálacha an tsoghluaisteacht aeráidneodrach ***a bhaint amach***, an iomaíocht idirnáisiúnta, infheistíochtaí sa slabhra luacha sa tionscal mótarfheithiclí, uas-sciliú agus athsciliú oibrithe

(26) Teachtaireacht ón gCoimisiún – Updating the 2020 New Industrial Strategy: [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le ***Dáta]***: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], COM(2021)0350 an 5 Bealtaine 2021

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	agus athfhorbairt gníomhaíochtaí***, go háirithe i réigiúin ina bhfuil céatadán ard post*** a ***bhaineann le slabhra luacha na ngluaisteán, agus astaíochtaí atá nasctha le haois na bhfeithiclí saothair éadroim, agus gníomhaíochtaí á mbreithniú atá dírithe ar chéimniú*** amach ***feithiclí scothaosta atá neamhdhíobhálach don tsochaí agus don chomhshaol***. Leis an tuarascáil ar dhul chun cinn, cuirfear freisin leis na tuarascálacha ar dhul chun cinn a chuirfidh na Ballstáit isteach gach 2 bhliain faoin Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha. Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le páirtithe sóisialta in ullmhú na tuarascála ar dhul chun cinn, lena n-áirítear na torthaí san idirphlé sóisialta. ***Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle freisin le raon leathan saineolaithe neamhspleácha, geallsealbhóirí agus riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha chun bonn cuimsitheach eolais a áirithiú.*** Tá nuálaíochtaí sa slabhra soláthair sa tionscal mótarfheithiclí ag leanúint ar aghaidh. Maidir le teicneolaíochtaí nuálacha amhail leictribhreoslaí a tháirgeadh le gabháil ón aer ***agus gluaisteáin hidrigine a bhfuil teicneolaíocht an chórais stórála hidrigine ar bord acu***, dá bhforbrófaí a thuilleadh iad, d'fhéadfadh ionchais a bheith i gceist leo le haghaidh na soghluaisteachta aeráidneodraí inacmhainne. Ba cheart don Choimisiún dá bhrí sin súil a choinneáil ar an dul chun cinn ó thaobh na nuálaíochta de san earnáil mar chuid dá thuarascáil ar dhul chun cinn.

(26) Teachtaireacht ón gCoimisiún – Updating the 2020 New Industrial Strategy: [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le ***Dáta***:] Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], COM(2021)0350 an 5 Bealtaine 2021

(26a) Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2009/33/CE a mhéid a bhaineann le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn (IO L 188, 12.7.2019, lch. 116).

(26b) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) Cé nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua a chuirtear ar an margadh, tá sé tábhachtach é a áireamh i bplean gníomhaíochta níos cuimsithí de chuid an Aontais chun an fhlít atá ann cheana a dhícharbónú chun an comhshaol agus sláinte na saoránach i ngach Ballstát a chosaint. Leanfaidh an fhlít atá ann faoi láthair de bheith ina thoisc a rannchuidíonn le lagfheidhmíocht chomhshaoil ar feadh i bhfad mar gheall ar an luas mall a bhaineann le flíteanna a athnuachan. Thairis sin, cruthaíonn margadh reatha na bhfeithiclí athláimhe truaillitheacha i Lár agus Oirthear na hEorpa an baol go n-aistreofaí an truailliú chuig réigiúin bheagfhorbartha san Aontas. Ba cheart baint amach na spriocanna uaillmhianacha aeráide in 2050 a bheith fite fuaite leis an gceart atá ag saoránaigh uile an Aontais aer níos glaine a bhaint amach. Chun dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí ón bhflít atá ann cheana, tá sé ríthábhachtach go molfaidh an Coimisiún bearta reachtacha gan mhoill chun creat a bhunú a bheidh fabhrach d'iarfheistiú agus úsáid na dteicneolaíochtaí íslithe CO_2 atá ar fáil faoi láthair a chur chun cinn, amhail breoslaí ísealcharbóin nó soilse a ídíonn níos lú fuinnimh, chun dlús a chur leis an aistriú módach do lastas agus paisinéirí, agus nósanna níos neamhdhíobháilí ó thaobh an chomhshaoil de a spreagadh a amhail comhroinnt carranna, soghluaisteacht bhog agus iompar poiblí i gcathracha, agus aghaidh a thabhairt ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sceitheadh carbóin feithicleach laistigh den Aontas.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 12 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12b) Chun ailíniú a áirithiú le sprioc nua aeráide an Aontais do 2030, agus leis na caighdeáin neartaithe CO_2, ba cheart nuashonrú ar Threoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26a]) a chur ar aghaidh, lena n-áirítear an fhéidearthacht a raon feidhme a leathnú chun go n-áireofaí feithiclí atá faoi úinéireacht nó ar léas ag cuideachta phríobháideach ar mhéid áirithe flít, chun an t-éileamh ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a mhéadú. Ós rud é go dtagann feithiclí ó fhlíteanna corparáideacha isteach sa mhargadh príobháideach níos tapúla, d"fhágfadh sé go bhféadfaí margadh athláimhe d"fheithiclí astaíochtaí nialasacha a bhunú níos tapúla, rud a bheidh tábhachtach go háirithe do réigiúin ina mbeidh an t-aistriú níos deacra, agus ina theannta sin, chuirfeadh sé le cothroime praghsanna níos tapúla le gnáthfheithiclí ar fud an Aontais.

([26a]) *Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan a chur chun cinn chun tacú le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (IO L 120, 15.5.2009, lch. 5).*

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) ***Maidir leis*** na spriocanna sin le haghaidh fhlít uile an Aontais, ***comhlánófar iad leis an gcur*** chun feidhme ***céimneach is gá maidir leis an mbonneagar luchtaithe*** agus ***athbhreoslaithe mar a leagtar amach i dTreoir 2014/94/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]).	(13) ***Ba cheart*** na spriocanna sin le haghaidh fhlít uile an Aontais ***a chomhlánú le cur i bhfeidhm riachtanach an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe***, ***rud atá ríthábhachtach*** chun ***na spriocanna neartaithe a bhaint amach. Ar an gcúis sin, i bhfianaise chur chun*** feidhme ***lag*** agus ***mall Threoir 2014/94/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]) ***, ba cheart Rialachán uaillmhianach maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha a bheith ag gabháil leis na spriocanna neartaithe maidir le laghdú ar astaíochtaí CO_2, lena bhforálfar do spriocanna éigeantacha uaillmhianacha maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid ar fud na 27 mBallstát. Ba cheart go gcomhlánófaí na spriocanna sin le spriocanna uaillmhianacha chun pointí luchtaithe príobháideacha a imlonnú i bhfoirgnimh i dTreoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27a])***. ***Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go leanfar den infheistíocht i gcur in úsáid an bhonneagair is gá agus go méadófar í.***
([27]) Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid (IO L 307 28.10.2014, lch. 1).	([27]) Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1). ***([27a]) Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).***

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a) De bhrí go bhfuil níos mó ná billiún feithicil breosla iontaise ann ar fud an domhain, atá freagrach as níos mó ná 30 % d'astaíochtaí domhanda CO_2, gur réiteach comhlántach é tiontú feithiclí teirmeacha go feithiclí leictreacha le tairiscint na monaróirí traidisiúnta, rud a fhágann gur féidir dlús a chur leis an aistriú éiceolaíoch agus fanacht dílis don gheilleagar ciorclach ag an am céanna;

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Ba cheart solúbthacht leordhóthanach a ***sholáthar*** do mhonaróirí maidir lena ***bhflíteanna a chur in oiriúint*** le himeacht ***aimsire*** chun an t-aistriú ***i dtreo*** feithiclí astaíochtaí ***nialasacha*** a bhainistiú ar bhealach ***cost-éifeachtúil***, agus ***is iomchuí dá bhrí sin coinneáil leis an gcur chuige lena laghdaítear spriocleibhéil ina gcéimeanna gach 5 bliana***.	(14) Ba cheart solúbthacht leordhóthanach a ***thabhairt*** do mhonaróirí maidir lena ***bhflít a oiriúnú*** le himeacht ***ama*** chun an t-aistriú ***chuig*** feithiclí ***atá saor ó*** astaíochtaí a bhainistiú ar bhealach ***costéifeachtach***, ***rud a thacaíonn lena n-iomaíochas*** agus ***a ullmhaíonn an bealach le haghaidh tuilleadh nuálaíochtaí, agus an gá atá le conair shoiléir a chur ar fáil maidir le feidhmiú céimneach na bhfeithiclí sin á chur san áireamh, lena n-áirithítear rannchuidiú earnáil an iompair de bhóthar le sprioc aeráide 2030 an Aontais***.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) I ngeall ar na spriocanna ***níos déine*** le haghaidh fhlít uile na hEorpa ***ó 2030 ar aghaidh***, beidh ar mhonaróirí i bhfad níos mó feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid ar mhargadh an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ní chomhlíonfadh an sásra dreasachta le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle ("ZLEV") a chuspóir bunaidh a thuilleadh agus bheadh an baol ann leis go mbainfí an bonn d'éifeachtacht Rialachán (AE) 2019/631. Ba cheart deireadh a chur le sásra dreasachta ZLEV ***ón 2030 amach*** dá bhrí sin. ***Roimh an dáta sin agus i gcaitheamh na 10 mbliana seo dá bhrí sin, leanfaidh an sásra dreasachta le haghaidh ZLEV ar aghaidh ag tacú le feithiclí lena mbaineann astaíochtaí ó nialas chomh hard le 50 g CO_2/km a chur in úsáid, lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí leictreacha breosla-chille ina n-úsáidtear hidrigin agus feithiclí leictreacha hibride inluchtaithe a fheidhmíonn go maith. Tar éis an dáta sin,*** leanfar ar aghaidh le feithiclí leictreacha hibride inluchtaithe a chomhaireamh in aghaidh na spriocanna le haghaidh na flíte ar fad nach mór do mhonaróirí feithiclí a chomhlíonadh.	(15) I ngeall ar na spriocanna ***diana*** le haghaidh fhlít uile na hEorpa, beidh ar mhonaróirí i bhfad níos mó feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid ar mhargadh an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ní chomhlíonfadh an sásra dreasachta le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle ("ZLEV") a chuspóir bunaidh a thuilleadh agus bheadh an baol ann leis go mbainfí an bonn d'éifeachtacht Rialachán (AE) 2019/631. Ba cheart deireadh a chur le sásra dreasachta ZLEV dá bhrí sin. Leanfar ar aghaidh le feithiclí leictreacha hibride inluchtaithe a chomhaireamh in aghaidh na spriocanna le haghaidh na flíte ar fad nach mór do mhonaróirí feithiclí a chomhlíonadh.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) Faoi Rialachán (AE) 2019/631, maidir le laghduithe ar astaíochtaí arna mbaint amach trí nuálaíochtaí nach gcuirtear san áireamh sa tástáil cineálcheadaithe, déantar iad a chur san áireamh faoi láthair trí chreidmheasanna éiceanuálaíochta, is féidir a áireamh faoi chomhair sprioc laghdaithe an mhonaróra. Faoi láthair, tá uasteorainn 7 g/km in aghaidh an mhonaróra leis an laghdú ar astaíochtaí is féidir a éileamh. Ba cheart an uasteorainn sin a ísliú i gcomhréir leis na spriocanna diana, chun a áirithiú go leanfaidh an córas sin de bheith teoranta d'fhíor-nuálaíochtaí agus nach mbeidh sé ina dhreasacht do spriocanna laghdaithe maidir le díol feithiclí astaíochtaí nialasacha.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15b) Is gné thábhachtach é tacú leis an nuálaíocht theicneolaíoch agus shóisialta araon chun aistriú níos gasta i dtreo soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí a spreagadh. Tá cistiú tábhachtach ar fáil cheana féin le haghaidh nuálaíochta san éiceachóras soghluaisteachta trí ionstraimí cistiúcháin éagsúla de chuid an Aontais, go háirithe Fís Eorpach, InvestEU, an Ciste Forbraíochta Réigiúnaí, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Nuálaíochta, agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Cé go bhfuiltear ag súil go spreagfaidh spriocanna uaillmhianacha bliantúla maidir le laghdú ar astaíochtaí CO_2 nuálaíocht i slabhra soláthair na ngluaisteán, is é príomhchuspóir an Rialacháin seo laghdú iarbhír, éifeachtach agus infhíoraithe ar astaíochtaí CO_2 a bhaint amach.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) Na spriocanna arna socrú faoi Rialachán (AE) 2019/631, baintear amach go páirteach iad trí dhíolacháin Feithiclí Leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh (OVC-HEVanna). Déantar astaíochtaí na bhfeithiclí sin a chur san áireamh faoi láthair trí úsáid a bhaint as fachtóir fóntais arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/1151 ([1a]) ón gCoimisiún, arb ionann é agus sciar an fhaid arna thaisteal trí úsáid a bhaint as an gcadhnra i gcomparáid leis an achar arna thaisteal trí úsáid a bhaint as an inneall dócháin. Níl an fachtóir fóntais sin bunaithe ar fhíorshonraí ionadaíocha, áfach, ach ar mheastachán. Tá sonraí maidir le fiorídiú breosla á mbailiú ag an gCoimisiún trí mhéadair ar bord lena dtomhaistear ídiú breosla i ngluaisteáin phaisinéirí ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/631. Ba cheart an fachtóir fóntais le haghaidh OVC-HEVanna a athbhreithniú gan mhoill trí úsáid a bhaint as na sonraí sin chun a áirithiú go léireoidh sé fíorastaíochtaí tiomána. Ba cheart feidhm a bheith ag an bhfachtóir fóntais nuashonraithe ó 2025 ar a dhéanaí agus ba cheart é a choinneáil faoi athbhreithniú chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith ionadaíoch ar fhíorastaíochtaí.

([1a]) Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1).

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Lena áirithiú go ndéanfar na hiarrachtaí chun laghduithe a bhaint amach a dháileadh go cothrom, ba cheart an dá chuar teorainnluacha le haghaidh feithiclí tráchtála níos éadroime agus feithiclí tráchtála níos troime a choigeartú chun na spriocanna láidrithe i leith laghduithe ar astaíochtaí CO_2 a léiriú.	***scriosta***

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) I bhfianaise na gcuspóirí méadaithe foriomlána chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun éifeachtaí féideartha maidir le saobhadh sa mhargadh a sheachaint, ba cheart na ceanglais maidir le laghdú le haghaidh na monaróirí uile atá i margadh an Aontais a ailíniú, seachas le haghaidh na monaróirí sin atá freagrach as níos lú ná 1 000 míle feithicil nua a chláraítear i mbliain féilire. Mar gheall air sin, maidir leis an bhféidearthacht do mhonaróirí, atá freagrach as idir 1 000 agus 10 000 gluaisteán nua paisinéirí nó as idir 1 000 agus 22 000 feithicil tráchtála éadrom a chláraítear as an nua i mbliain féilire, chun iarratas a dhéanamh ar mhaolú óna spriocanna i leith astaíochtaí sonracha, ba cheart deireadh a chur leis an bhféidearthacht sin ó ***2030*** ar aghaidh.	(21) I bhfianaise na gcuspóirí méadaithe foriomlána chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun éifeachtaí féideartha maidir le saobhadh sa mhargadh a sheachaint, ba cheart na ceanglais maidir le laghdú le haghaidh na monaróirí uile atá i margadh an Aontais a ailíniú, seachas le haghaidh na monaróirí sin atá freagrach as níos lú ná 1 000 míle feithicil nua a chláraítear i mbliain féilire. Mar gheall air sin, maidir leis an bhféidearthacht do mhonaróirí, atá freagrach as idir 1 000 agus 10 000 gluaisteán nua paisinéirí nó as idir 1 000 agus 22 000 feithicil tráchtála éadrom a chláraítear as an nua i mbliain féilire, chun iarratas a dhéanamh ar mhaolú óna spriocanna i leith astaíochtaí sonracha, ba cheart deireadh a chur leis an bhféidearthacht sin ó ***2036*** ar aghaidh.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh in ***2026*** ar an dul chun cinn a dhéantar faoi Rialachán (AE) 2019/631 i dtreo na ***cuspóirí***, maidir le laghduithe atá socraithe le haghaidh 2030 agus ina dhiaidh, a bhaint amach. Le haghaidh an athbhreithnithe sin, ba cheart gach gné dá mbreithnítear sa tuairisciú ***gach 2 bhliain*** a bhreithniú.	(23) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh in ***2027*** ar an dul chun cinn a dhéantar faoi Rialachán (AE) 2019/631 i dtreo na ***gcuspóirí***, maidir le laghduithe atá socraithe le haghaidh 2030 agus ina dhiaidh, a bhaint amach. Le haghaidh an athbhreithnithe sin, ba cheart gach gné dá mbreithnítear sa tuairisciú ***bliantúil*** a bhreithniú.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) Tá sé tábhachtach go ndéanfaí measúnú ar na hastaíochtaí ar feadh shaolré na bhfeithiclí saothair éadroim ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2023, modheolaíocht chomhchoiteann de chuid an Aontais a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na hastaíochtaí CO_2 ar feadh shaolré iomlán na bhfeithiclí saothair éadroim a chuirtear ar an gcomhshaol ar mhargadh an Aontais, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar shonraí na n-astaíochtaí sin, d'fhonn léargas foriomlán a fháil ar a dtionchar. Ba cheart don Choimisiún bearta leantacha a ghlacadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha chun tacú le dul chun cinn an Aontais i dtreo a uaillmhianta aeráide. Thairis sin, tá sé tábhachtach modheolaíocht a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán feithiclí, arna ríomh ní hamháin i dtéarmaí astaíochtaí CO_2 ach na loirg fhoriomlána chomhshaoil á gcur san áireamh freisin.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) ***Tá meastóireacht déanta ar an bhféidearthacht an t-ioncam ó na préimheanna*** astaíochtaí iomarcacha a shannadh ***do chiste sonrach nó do chlár ábhartha mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2019/631,*** leis an ***gconclúid go ndéanfaí an t-ualach riaracháin a mhéadú go suntasach*** leis ***sin, agus nach rachadh sé chun tairbhe na hearnála mótarfheithiclí dó díreach le linn a haistrithe. Maidir leis an ioncam ó na préimheanna astaíochtaí iomarcacha, leanfar lena bhreithniú mar ioncam dá bhrí sin le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/631.***	(24) ***Ba cheart leithdháileadh an ioncaim ó phréimheanna*** astaíochtaí iomarcacha a shannadh ***chun tacú*** leis an ***aistriú cóir i dtreo geilleagair atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus, go sonrach, chun aon tionchair dhiúltacha ar fhostaíocht san earnáil mótarfheithiclí a mhaolú. Ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra a thíolacadh chun an ionstraim chistiúcháin sin a bhunú. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart aird a thabhairt go háirithe ar na réigiúin agus ar na pobail atá thíos*** leis ***agus a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí toisc go bhfuil diantionscal mótarfheithiclí ann nó mar gheall ar a saintréithe sonracha a fhágann an t-aistriú chuig iompar astaíochtaí nialasacha de bhóthar níos deacra, amhail na réigiúin is forimeallaí.***

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe -a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 1 – mír 4 – pointe (a)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4, pointe (a):
(a) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít gluaisteán nua paisinéirí, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 15 % ar na spriocanna in 2021 arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.1 de Chuid A d'Iarscríbhinn I;	"(a) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít gluaisteán nua paisinéirí, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 15 % ar na spriocanna in 2021 arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.1 de Chuid A d'Iarscríbhinn I ***mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/631 chun urraim a thabhairt do thimthriallta táirgthe***;"

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe -a a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 1 – mír 4 – pointe (b)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4, pointe (b):
(b) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít feithiclí tráchtála éadroma nua, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 15 % ar na spriocanna in 2021 arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.1 de Chuid B d'Iarscríbhinn I.	"(b) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít feithiclí tráchtála éadroma nua, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 15 % ar na spriocanna in 2021 arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.1 de Chuid B d'Iarscríbhinn I ***mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/631***.".

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 1 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***i*** mír 6***, cuirtear na focail "Ón 1 Eanáir 2025 go 31 Nollaig 2029," in ionad na bhfocal "Ón 1 Eanáir 2025,",***	(c) ***scriostar*** mír 6

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
	"(aa) ciallaíonn feithicil leictreach hibrideach inluchtaithe'(PHEV) feithicil a chumhachtaítear le teaglaim de mhótar leictreach le ceallraí in-athluchtaithe agus inneall dócháin inmheánaigh, a fhéadfaidh oibriú le chéile nó ar leithligh.'"

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 3 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
	"(ba) ciallaíonn 'feithicil chorparáideach' feithicil ar le cuideachta phríobháideach í nó atá ar léas aici, mar a shainmhínítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 2157/20011d ([1a]) ón gComhairle agus a úsáidtear chun críoch gnó"

([1a]) Rialacháin (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 i dtaca leis an Reacht um Chuideachta Eorpach (SE) (IO L 294, 10.11.2001, lch. 1).

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe -a a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 7 – mír 10

An téacs atá ann	*Leasú*
	(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:
10. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 2023, ***meastóireacht ar an bhféidearthacht*** modheolaíocht chomhchoiteann de chuid an Aontais ***a fhorbairt*** chun measúnú a dhéanamh ar na hastaíochtaí CO_2 ar feadh shaolré iomlán ***ó ghluaisteáin phaisinéirí*** agus ***ó fheithiclí*** tráchtála éadroma a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar shonraí na n-astaíochtaí sin ***i rith an ama***. Cuirfidh an Coimisiún an ***mheastóireacht*** sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, moltaí do bhearta leantacha, amhail tograí reachtacha, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.	"10. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 2023, ***tuarascáil a fhoilsiú ina leagfar amach*** modheolaíocht chomhchoiteann de chuid an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar na hastaíochtaí CO_2 ar feadh shaolré iomlán ***na ngluaisteán paisinéirí*** agus ***na bhfeithiclí*** tráchtála éadroma a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus chun tuairisciú a dhéanamh ar shonraí na n-astaíochtaí sin***, lena n-áirítear modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí saolré iomlána CO_2 breoslaí agus fuinnimh arna n-ídiú ag na feithiclí sin***. Cuirfidh an Coimisiún an ***tuarascáil*** sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, moltaí do bhearta leantacha, amhail tograí reachtacha, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle."

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a b (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 7 – mír 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ab) cuirtear mír 10a seo a leanas isteach:
	"10a. Ón 1 Eanáir 2024, féadfaidh monaróirí, ar bhonn deonach, sonraí maidir le hastaíochtaí CO_2 ar feadh shaolré iomlán gluaisteán paisinéirí agus fheithiclí tráchtála éadroma a chuirtear ar mhargadh an Aontais dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo a tharchur chuig na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo agus chuig na Ballstáit, agus cuirfidh na Ballstáit na sonraí sin in iúl don Choimisiún ina dhiaidh sin i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Ón 1 Eanáir 2028, ionchorpófar na sonraí sin san fhaisnéis atá liostaithe i gCuid A d'Iarscríbhinn II agus d'Iarscríbhinn III;"

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 8 – mír 4

An téacs atá ann	*Leasú*
	(5a) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
4. Measfar, maidir leis na méideanna a thiocfaidh ón bpréimh astaíochtaí iomarcacha, gur ioncam iad do bhuiséad ginearálta an Aontais.	4. Measfar, maidir leis na méideanna a thiocfaidh ón bpréimh astaíochtaí iomarcacha, gur ioncam iad do bhuiséad ginearálta an Aontais.
	Faoin 31 Nollaig 2023, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ina leagfar amach go mionsonraithe an gá atá le cistiú spriocdhírithe chun aistriú cothrom in earnáil na ngluaisteán a áirithiú, d'fhonn fostaíocht dhiúltach agus tionchair eacnamaíocha eile a mhaolú sna Ballstáit uile lena mbaineann, go háirithe sna réigiúin agus sna pobail is mó a ndéanann an t-aistriú difear dóibh. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil chun ionstraim chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar an ngá sin agus, go háirithe, chun bearta coisctheacha agus frithghníomhacha a chomhordú agus a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar athstruchtúrú ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus chun oiliúint, athoiliúint agus uasoiliúint oibrithe san earnáil mótarfheithiclí a mhaoiniú, lena n-áirítear monaróirí gluaisteán, a soláthraithe comhpháirteanna agus seirbhísí coimhdeacha cothabhála agus deisiúcháin, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide.
	Féadfaidh an ionstraim maoinithe a bheith i bhfoirm ionstraim chistiúcháin thiomnaithe nó a bheith ina cuid den Chiste Sóisialta don Aeráid nó de Chiste athbhreithnithe um Aistriú Cóir. Déanfar aon ioncam ó phréimheanna astaíochtaí iomarcacha a leithdháileadh chun na críche sin.

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
"Féadfar maolú, a ndéanfar iarratas air faoi mhír 1, a dheonú ó na spriocanna i leith astaíochta sonraí is infheidhme go dtí bliain féilire ***2029*** agus an bhliain sin san áireamh.";	"Féadfar maolú, a ndéanfar iarratas air faoi mhír 1, a dheonú ó na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha is infheidhme go dtí bliain féilire ***2035*** agus an bhliain sin san áireamh.";

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 d'Airteagal 10:
4. ***Maidir le monaróir atá freagrach, i gcomhar lena ghnóthais bhainteacha uile, as líon idir 10 000 agus 300 000 gluaisteán nua paisinéirí a chláraítear san Aontas in aghaidh na bliana féilire, féadfaidh sé*** iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomhtar i gcomhréir le ***pointí*** 1 go 4 agus 6.3 de ***Chuid A*** d'***Iarscríbhinn I***.	"4. ***Féadfar*** iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomhtar i gcomhréir le ***pointe*** 1 go ***pointe*** 4 agus ***pointe*** 6.3 de ***Chuid A*** d'***Iarscríbhinn I do na blianta go dtí 2028, ar monaróir é atá freagrach, in éineacht lena ghnóthais bhainteacha uile, as idir 10 000 agus 300 000 gluaisteán nua paisinéirí a chláraítear san Aontas in aghaidh na bliana féilire***."

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 b (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 11 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6b) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Measfar ***coigiltis CO_2 a baineadh*** amach trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha nó as cumasc teicneolaíochtaí nuálacha ("pacáistí teicneolaíochtaí nuálacha") i gcás ina gcuireann soláthraí nó monaróir iarratas isteach air sin.	1. Measfar ***coigilteas CO_2 arna bhaint*** amach trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha nó as cumasc teicneolaíochtaí nuálacha ("pacáistí teicneolaíochtaí nuálacha") i gcás ina gcuireann soláthraí nó monaróir iarratas isteach air sin.
Ní chuirfear teicneolaíochtaí den sórt sin san áireamh ach amháin má tá an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh orthu in ann torthaí infhíoraithe, in-athdhéanta agus inchomparáide a tháirgeadh.	Ní chuirfear teicneolaíochtaí den sórt sin san áireamh ach amháin má tá an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh orthu in ann torthaí infhíoraithe, in-athdhéanta agus inchomparáide a tháirgeadh.
Féadfaidh suas le 7 g CO_2/km a bheith i gceist le rannchuidiú iomlán na dteicneolaíochtaí sin ***chun*** laghdú a dhéanamh ar mheánastaíochtaí sonracha CO_2 monaróra.	Féadfaidh suas le 7 g CO_2/km a bheith i gceist le rannchuidiú iomlán na dteicneolaíochtaí sin ***le*** laghdú a dhéanamh ar mheánastaíochtaí sonracha CO_2 monaróra ***go dtí 2024***.
	— 5 g CO_2/km ó 2025 ar aghaidh;
	— 4 g CO_2/km ó 2027 ar aghaidh;
	— 2 g CO_2/km ó 2030 go dtí 2034, agus an bhliain sin san áireamh.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

An téacs atá ann	*Leasú*
Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a leasú chun an uasteorainn dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo a choigeartú le héifeacht ó 2025 amach chun forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh agus, san am céanna, chun a áirithiú go mbeidh cion cothrom de leibhéal na huasteorann sin ann maidir le meánastaíochtaí sonracha CO_2 na monaróirí.	Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a leasú chun an uasteorainn dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo a choigeartú ***síos*** le héifeacht ó 2025 amach chun forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh agus, san am céanna, chun a áirithiú go mbeidh cion cothrom de leibhéal na huasteorann sin ann maidir le meánastaíochtaí sonracha CO_2 na monaróirí.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 c (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6c) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:
	"Airteagal 11a
	Éicidhearthóireacht
	Chun a áirithiú go rannchuideoidh an t-aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha go hiomlán le cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh agus geilleagair chiorclaigh an Aontais, déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2023, moltaí, de réir mar is iomchuí, maidir le híoscheanglais éicidhearthóireachta a shocrú do gach gluaisteán nua paisinéirí agus gach feithicil tráchtála éadrom, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, marthanacht agus ceanglais indeisithe le haghaidh codanna bunriachtanacha amhail soilse, comhpháirteanna leictreonacha agus ceallraí, íoscheanglais maidir le miotail, plaistigh agus amhábhair chriticiúla a aisghabháil, agus na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí Eorpacha faoi Threoir 2009/125/CE ón gComhairle á gcur san áireamh ([1a]).”
	([1a]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 d (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 12 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6d) In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
3. Chun cosc a chur le fás bhearna ***fíorastaíochtaí an domhain***, déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an ***1 Meitheamh*** 2023, measúnú ar conas is féidir sonraí ***maidir le hídiú*** breosla agus fuinnimh a úsáid chun a áirithiú go mbeidh astaíochtaí CO_2 agus luachanna ídithe breosla nó fuinnimh ***feithiclí*** arna gcinneadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 fós ionadaíoch ar fhíorastaíochtaí le himeacht ama do gach monaróir ***chun cosc a chur le fás bhearna na bhfíorastaíochtaí***.	"3. Chun cosc a chur le fás bhearna ***na bhfíorastaíochtaí***, déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an ***1 Meitheamh*** 2023, measúnú ar conas is féidir sonraí ***faoi fhíorídiú*** breosla agus fuinnimh ***arna mbailiú de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún*** ***([1a])*** a úsáid chun a áirithiú go mbeidh astaíochtaí CO_2 ***feithiclí*** agus luachanna ídithe breosla nó fuinnimh arna gcinneadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 fós ionadaíoch ar fhíorastaíochtaí le himeacht ama do gach monaróir.
Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisciú bliantúil ar ***conas mar a fhorbróidh*** an bhearna ***sin*** dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***thar thréimhse*** 2021 ***go*** 2026 ***agus, d'***fhonn ***cosc a chur le méadú sa*** bhearna sin***, déanfaidh sé measúnú, in 2027, ar*** a ***indéanta atá sásra chun coigeartú a*** dhéanamh ar mheánastaíochtaí sonracha CO_2 an mhonaróra ***amhail ó 2030, agus, más iomchuí, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh*** chun ***sásra den sórt sin a chur ar bun***.	Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisciú bliantúil ar an ***gcaoi a n-athraíonn an*** bhearna dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***ó*** 2021 ***ar aghaidh agus déanfaidh sé, de réir mar is iomchuí, a luaithe a bheidh sonraí leordhóthanacha ar fáil, agus tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig*** 2026 ***togra reachtach a thíolacadh d'***fhonn ***an*** bhearna sin a ***dhúnadh trí choigeartú a*** dhéanamh ar mheánastaíochtaí sonracha CO_2 an mhonaróra ***trí úsáid a bhaint as fíorshonraí arna mbailiú de bhun Rialachán Cur*** Chun ***Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún***.
	Sa bhreis air sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an úsáid a bhaintear as na sonraí maidir le hídiú breosla agus fuinnimh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhair Feithiclí Leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh (OVC-HEVanna). Agus úsáid á baint aige as na sonraí sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 17 chun na fachtóirí fóntais a úsáidtear le haghaidh OVC-HEVanna a oiriúnú, chun a áirithiú go mbeidh a gcuid astaíochtaí ina léiriú ar an bhfíorthiomáint ó 2025 ar aghaidh.
	([1a]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le hastaíochtaí CO_2 ó ghluaisteáin phaisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1014/2010, (AE) Uimh. 293/2012, (AE) 2017/1152 agus (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún (IO L 77, 5.3.2021, lch. 8).”

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 e (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 12 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6e) In Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	"4a. Faoin 31 Nollaig 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht a bhunú chun éifeachtúlacht feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a thomhas agus a chur i gcomparáid bunaithe ar an méid leictreachais is gá chun 100 ciliméadar a thiomáint. Déanfar breithniú sa mhodheolaíocht sin, go háirithe, ar impleachtaí an leictreachais a úsáidtear ar an méid acmhainní a éilítear le ceallraí inmheánacha stórála fuinnimh na bhfeithiclí sin a tháirgeadh. ***Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun íostairseacha éifeachtúlachta fuinnimh a shocrú do ghluaisteáin nua paisinéirí atá saor ó astaíochtaí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua a chuirtear ar mhargadh an Aontais."***

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 14a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 14a	Airteagal 14a
Tuarascáil ar dhul chun cinn	Tuarascáil ar dhul chun cinn
Faoin 31 Nollaig 2025 agus gach ***2 bhliain*** ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuairisciú ar an dul chun cinn i dtreo na soghluaiseachta astaíochtaí nialasacha de bhóthar. Déanfar faireachán agus measúnú leis an tuarascáil go hairithe ar an ngá le bearta breise féideartha chun éascú ***leis an aistriú***, lena n-áirítear trí mhodhanna airgeadais.	Faoin 31 Nollaig 2025 agus gach ***bliain*** ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuairisciú ar an dul chun cinn i dtreo na soghluaiseachta astaíochtaí nialasacha de bhóthar. Déanfar faireachán agus measúnú leis an tuarascáil go hairithe ar an ngá le bearta breise féideartha chun ***aistriú cóir a*** éascú, lena n-áirítear trí mhodhanna airgeadais.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sa tuairisciú, breithneoidh an Coimisiún gach fachtóir a rannchuidíonn le dul chun cinn cost-éifeachtúil i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050. Áirítear leis sin ***feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a chur in úsáid, dul chun cinn maidir leis na spriocanna a bhaint amach i leith an bonneagar luchtaithe agus athbhreoslaithe a chur chun feidhme go céimneach mar a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, rannchuidiú féideartha na dteicneolaíochtaí nuálaíochta agus na mbreoslaí malartacha inbhuanaithe chun an tsoghluaisteacht aeráidneodrach a shroicheadh, tionchar ar thomhaltóirí, dul chun cinn san idirphlé sóisialta mar aon le gnéithe lena n-éascófar a thuilleadh le haistriú i dtreo na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha de bhóthar a bheidh inmharthana ar bhonn eacnamaíoch agus cóir ar bhonn sóisialta.';***	Sa tuairisciú, breithneoidh an Coimisiún gach fachtóir a rannchuidíonn le dul chun cinn cost-éifeachtúil i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050. Áirítear leis sin: ***(a) dul chun cinn maidir le feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a úsáid agus maidir lena n-inacmhainneacht agus lena n-éifeachtúlacht fuinnimh;*** ***(b) na tionchair ar thomhaltóirí, go háirithe iad siúd a bhfuil ioncam íseal agus ioncam íseal acu, agus luas glactha na bhfeithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha sna deighleoga tomhaltóirí sin, chomh maith le hinfhaighteacht agus raon feidhme beart ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal áitiúil chun tacú leis an nglacadh sin;*** ***(c) margadh feithiclí athláimhe;*** ***(d) dul chun cinn maidir le rolladh amach céimneach leordhóthanach bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe phoiblí agus phríobháidigh a bhaint amach, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta don dul chun cinn maidir leis na spriocanna a bhaint amach mar a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha agus faoi Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]);*** ***(e) an dul chun cinn atá déanta maidir le méadú a dhéanamh ar mhéid an fhuinnimh in-athnuaite san Aontas i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001;*** ***(f) an méid a d'fhéadfadh teicneolaíochtaí nuálaíochta agus breoslaí malartacha inbhuanaithe, lena n-áirítear breoslaí sintéiseacha, chun neodracht aeráide a bhaint amach in earnáil an iompair;*** ***(g) astaíochtaí saolré gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua a chuirtear ar an margadh, agus úsáid á baint as an modheolaíocht a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(10)***

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(h) dul chun cinn san idirphlé sóisialta chomh maith le gnéithe chun aistriú atá inmharthana go heacnamaíoch agus cothrom ar bhonn sóisialta a éascú tuilleadh, agus fostaíocht agus iomaíochas á gcur san áireamh, i dtreo soghluaisteacht bóithre atá saor ó astaíochtaí;
	(i) na tionchair ar fhostaíocht, a ndéanfar measúnú orthu trí mhapáil ghráinneach a dhéanamh ar fhorbairt post i dtionscal na ngluaisteán agus tríd an éifeacht ar na réigiúin ina bhfuil na tionscail sin lonnaithe, mar aon le bearta, lena n-áirítear bearta airgeadais, ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal an Bhallstáit nó ar an leibhéal áitiúil chun tionchair shocheacnamaíocha sna réigiúin sin a mhaolú, lena n-áirítear cláir uas-scilithe agus athscilithe;
	(k) an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ag bearta breise náisiúnta agus Aontais arb é is aidhm dóibh an mheánaois a ísliú agus, dá bhrí sin, astaíochtaí an fhlít feithiclí saothair éadroim a laghdú, amhail bearta chun tacú le deireadh a chur, de réir a chéile, le feithiclí scothaosta ar bhealach atá cóir ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de;
	([1a]) Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 14 a – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcomhréir le Moladh (AE)…/… ón gComhairle [Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú], iarrtar ar na Ballstáit Pleananna Trasdula Críche a ullmhú dá dtionscal gluaisteán, i ndlúth-idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta, chun athrú struchtúrach a stiúradh ar bhealach atá inghlactha go sóisialta agus chun suaitheadh sóisialta a sheachaint.

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 14 a (nua)

Text proposed by the Commission	*Amendment*
	(9 a) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:
	"Airteagal 14aa
	Bearta breise chun tacú leis an éileamh ar ghluaisteáin paisinéirí astaíochtaí nialasacha agus ar fheithiclí tráchtála éadroma ar mhargadh an Aontais
	Faoin 28 Feabhra 2023, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a mhéadú i bhflíteanna poiblí agus corparáideacha le feithiclí saothair éadroim. Ba cheart a áireamh sna tograí, sainorduithe ceangailteacha astaíochtaí nialasacha maidir le húinéirí agus oibritheoirí flíteanna poiblí, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh ag an am céanna."

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 14 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) cuirtear an tAirteagal 14b seo a leanas isteach:
	"Airteagal 14b
	I gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (b) de Threoir (AE) …/… [An Treoir athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh], déanfaidh na Ballstáit breithniú ar bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i gcinntí beartais, pleanála agus infheistíochta a bhaineann le bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe breoslaí malartacha a úsáid, lena n-áirítear maidir le héifeachtúlacht fuinnimh 'ón tobar go dtí an roth' i dteicneolaíochtaí difriúla astaíochtaí nialasacha"

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 b (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 14ú b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9b) cuirtear an tAirteagal 14ab seo a leanas isteach:
	"Airteagal 14ab
	Bearta breise chun tacú leis an aistriú chuig gluaisteáin paisinéirí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tráchtála éadroma ar mhargadh an Aontais
	Faoin… [6 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 17 chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha cineálcheadaithe le haghaidh feithiclí ina bhfuil innill dócháin inmheánaigh a tiontaíodh go tiomántán leictreach ceallra nó breoslachille, chun gur féidir sraitheanna a cheadú. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar riail a thabhairt isteach chun coibhéisí CO_2 feithiclí innill dócháin a tiontaíodh go tiomántán cadhnra nó breosla-chille a ríomh i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialacháin seo."

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Coimisiún ***athbhreithniú***, ***in 2028,*** ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin seo, ag cur leis an tuairisciú a dhéantar gach 2 bhliain, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh toradh an athbhreithnithe.	1. Déanfaidh an Coimisiún ***mion-athbhreithniú***, ***faoi 2027,*** ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin seo, ag cur leis an tuairisciú a dhéantar gach 2 bhliain, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh toradh an athbhreithnithe.
I gcás inarb iomchuí, beidh togra ag gabháil leis an tuarascáil chun an Rialachán seo a leasú.'	I gcás inarb iomchuí, beidh togra ag gabháil leis an tuarascáil chun an Rialachán seo a leasú.'

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 15 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) in Airteagal 15, cuirtear an mhír 3a seo a leanas leis:
	"1a. San athbhreithniú dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil freisin ar astaíochtaí saolré CO_2 ó ghluaisteáin nua paisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma nua, bunaithe ar an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7(10). I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí sin."

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Airteagal 15 – mír 6

An téacs atá ann	*Leasú*
	(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:
6. Faoin ***31 Nollaig 2020***, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Threoir 1999/94/CE***, lena ndéanfar breithniú ar an ngá le*** faisnéis chruinn, dhaingean agus inchomparáide a sholáthar do thomhaltóirí maidir le ***hídiú*** breosla, astaíochtaí CO_2 ***agus*** astaíochtaí truailleán aeir ***ó ghluaisteáin*** paisinéirí ***nua*** a chuirtear ar an margadh, chomh maith le meastóireacht ar na roghanna ***i dtaca le barainneacht*** breosla agus astaíochtaí CO_2 a thabhairt isteach d'fheithiclí tráchtála éadroma nua. ***I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an athbhreithniú.***	"6. Faoin***… [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Threoir 1999/94/CE ***i bhfianaise an ghá atá ann*** faisnéis chruinn, dhaingean agus inchomparáide a sholáthar do thomhaltóirí maidir le ***fíorídiú*** breosla, astaíochtaí CO_2***,*** astaíochtaí truailleán aeir ***agus éifeachtúlacht fuinnimh gluaisteán nua*** paisinéirí a chuirtear ar an margadh, chomh maith le meastóireacht ar na roghanna ***maidir le lipéad barainneachta*** breosla agus astaíochtaí CO_2 a thabhairt isteach d'fheithiclí tráchtála éadroma nua".

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn – mír 1 – pointe 1 – pointe f

Rialachán (AE) 2019/631

Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 6.3.1 – fomhíreanna 1-2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sprioc i leith astaíochtaí sonracha = an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha ***gurb é fachtóir ZLEV***	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha = an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha
i gcás inarb amhlaidh:	i gcás inarb amhlaidh:
sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha an sprioc thagartha i leith astaíochtaí CO_2 arna cinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.1;	***an*** sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha an sprioc thagartha i leith astaíochtaí CO_2 arna cinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.1;
Fachtóir ZLEV (1 + y – x), ach amháin más mó an tsuim sin ná 1,05 nó más lú ná 1,0 í agus, sa chás sin, socrófar an fachtóir ZLEV ag 1,05 nó 1,0 de réir mar a bheidh;	
i gcás inarb amhlaidh:	
sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle i bhflít gluaisteán nua paisinéirí an mhonaróra arna ríomh mar an líon iomlán feithiclí nua astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, i gcás ina ndéanfar gach ceann díobh a chomhaireamh mar $ZLEV_{sonrach}$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, arna roinnt ar an líon iomlán gluaisteán nua paisinéirí a chláraítear sa bhliain féilire ábhartha:	
$$ZLEV_{sonrach} = 1 - \left(\frac{\text{specific emissions of } CO_2 \cdot 0{,}7}{50}\right)$$	
I gcás gluaisteán nua paisinéirí a chláraítear i mBallstáit ina bhfuil sciar d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle ina bhflít atá faoi bhun 60 % de mheán an Aontais sa bhliain 2017 agus ina bhfuil níos lú ná 1 000 feithicil nua astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a cláraíodh sa bhliain 2017 (*), ríomhfar ZLEVannasonracha go 2029, agus an bhliain sin san áireamh, i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:	
$$ZLEV_{sonrach} = \left(1 - \left(\frac{\text{specific emissions of } CO_2 \cdot 0{,}7}{50}\right)\right) \cdot 1{,}85$$	
I gcás inar mó ná 5 % sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle i bhflít Ballstáit de ghluaisteáin nua paisinéirí a chláraítear i mbliain idir 2025 agus 2028, ní bheidh an Ballstát sin incháilithe chun iolraitheoir 1,85 a chur i bhfeidhm sna blianta ina dhiaidh sin;	

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
15 % sna blianta ó 2025 go 2029.	

(*) Déantar sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle nua i bhflít na ngluaisteán nua paisinéirí de chuid Ballstáit in 2017 a ríomh mar an líon iomlán feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a cláraíodh in 2017 arna roinnt ar an líon iomlán gluaisteán nua paisinéirí a cláraíodh sa bhliain chéanna.';

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn – mír 1 – pointe 2 – pointe d

Rialachán (AE) 2019/631

Iarscríbhinn I – Cuid B – pointe 6.2.2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.2.2:	(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.2.2:
"6.2.2 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2030 go 2034	"6.2.2 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2030 go 2034
Sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha = Sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2030}$ + α·(TM-TM$_0$)	Sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha = Sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2030}$ + α·(TM-TM$_0$)
I gcás,	I gcás,
inarb amhlaidh go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2030}$, mar a chinntear i gcomhréir le pointe 6.1.**3** í;	inarb amhlaidh go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2030}$, mar a chinntear i gcomhréir le pointe 6.1.**2** í;
ina mbeidh α comhionann le $\mathbf{a}_{2030,L}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra cothrom le nó níos ísle ná TM$_0$, agus $\mathbf{a}_{2030,H}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra níos airde ná TM0;	ina mbeidh α comhionann le $\mathbf{a}_{2030,L}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra cothrom le nó níos ísle ná TM$_0$, agus $\mathbf{a}_{2030,H}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra níos airde ná TM0;
i gcás inarb amhlaidh:	i gcás inarb amhlaidh:
inarb é $a_{2035,L}$ $\frac{a_{2021} \cdot \text{EU fleet-wide target}_{2030}}{\text{Average emissions}_{2021}}$	***inarb é*** $a_{2035,L}$ $\frac{a_{2021} \cdot \text{EU fleet-wide target}_{2030}}{\text{Average emissions}_{2021}}$
inarb é $a_{2035,H}$ $\frac{a_{2021} \cdot \text{EU fleet-wide target}_{2030}}{\text{EU fleet-wide target}_{2025}}$	***a_{2021} mar atá sainmhínithe i bpointe 6.2.1 é;***
inarb iad na meánastaíochtaí 2021 mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 iad;	inarb iad na meánastaíochtaí 2021 mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 iad;
inarb é TM mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é	inarb é TM mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é
inarb é TM$_0$ mar atá sainmhínithe i bpointe 6.2.1 é";	inarb é TM$_0$ mar atá sainmhínithe i bpointe 6.2.1 é";

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn – mír 1 – pointe 2 – pointe e

Rialachán (AE) 2019/631

Iarscríbhinn I – Cuid B – pointe 6.2.3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) cuirtear isteach pointe 6.2.3 seo a leanas:	(e) cuirtear isteach pointe 6.2.3 seo a leanas:
"6.2.3 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2035 ar aghaidh	"6.2.3 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2035 ar aghaidh
Sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha = Sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2035}$ + α· (TM-TM$_0$)	Sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha = Sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2035}$ + α· (TM-TM$_0$)
I gcás,	I gcás,
inarb amhlaidh go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2035}$ mar a chinntear i gcomhréir le pointe 6.1.3 í;	inarb amhlaidh go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2035}$ mar a chinntear i gcomhréir le pointe 6.1.3 í;
ina mbeidh α comhionann le $_{2035,L}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra cothrom le nó níos ísle ná TM$_0$, agus$_{2035,H}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra níos airde ná TM$_0$;	ina mbeidh α comhionann le $_{2035,L}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra cothrom le nó níos ísle ná TM$_0$, agus$_{2035,H}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra níos airde ná TM$_0$;
i gcás inarb amhlaidh:	i gcás inarb amhlaidh:
inarb é $a_{2035,L}$ $\frac{a_{2021} \cdot \text{EU fleet-wide target}_{2035}}{\text{Average emissions}_{2021}}$	***inarb é*** $a_{2035,L}$ $\frac{a_{2021} \cdot \text{EU fleet-wide target}_{2035}}{\text{Average emissions}_{2021}}$
inarb é $a_{2035,H}$ $\frac{a_{2021} \cdot \text{EU fleet-wide target}_{2035}}{\text{EU fleet-wide target}_{2025}}$	***a_{2021} mar atá sainmhínithe i bpointe 6.2.1 é;***
go bhfuil meánastaíochtaí$_{2021}$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 iad	go bhfuil meánastaíochtaí$_{2021}$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 iad
TM mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é go bhfuil	TM mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é go bhfuil
TM$_0$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é"	TM$_0$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é"

Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn – mír 1 – pointe 2 – pointe e a (nua)

Rialachán (AE) 2019/631

Iarscríbhinn I – Cuid B – pointe 6.3.1

An téacs atá ann	*Leasú*
An sprioc i leith astaíochtaí sonracha = (sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha – ($ø_{spriocanna}$ – $sprioc_{2025}$ le haghaidh fhlít uile an Aontais)) · ***Fachtóir ZLEV***	***(ea) i bpointe 6.3.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhíreanna (1) agus (2):***
	An sprioc i leith astaíochtaí sonracha = (sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha – ($ø_{spriocanna}$ – $sprioc_{2025}$ le haghaidh fhlít uile an Aontais))
i gcás inarb amhlaidh:	i gcás inarb amhlaidh:
sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha don mhonaróir arna cinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.1;	***atá sa*** sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha ***ná*** an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha don mhonaróir arna cinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.1;
gurb é $ø_{spriocanna}$ meán na spriocanna tagartha uile i leith astaíochtaí sonracha, ualaithe ar líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua atá ag gach monaróir aonair, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.1;	gurb é $ø_{spriocanna}$ meán na spriocanna tagartha uile i leith astaíochtaí sonracha, ualaithe ar líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua atá ag gach monaróir aonair, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.1;
Fachtóir ZLEV (1 + y – x), ach amháin más mó an tsuim sin ná 1,05 nó más lú ná 1,0 í agus, sa chás sin, socrófar an fachtóir ZLEV ag 1,05 nó 1,0 de réir mar a bheidh;	
i gcás inarb amhlaidh:	
y sciar na bhfeithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha i bhflít feithiclí tráchtála éadroma nuachláraithe an mhonaróra arna ríomh mar an líon iomlán feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, sa chás ina ndéanfar gach ceann díobh a áireamh mar ZLEVsonrach i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, arna roinnt ar líon iomlán na bhfeithiclí tráchtála éadroma nuachláraithe sa bhliain féilire ábhartha [COTHROMÓID]	
x 15 %.	